Céimí sa Timpeallacht, Sláinte & Sábháilteacht (Conradh 6 mhí)

I measc na ndualgas beidh:

- Bunachar sonraí a chothabháil lena chinntiú go bhfuil fáil ar an eolas cuí, meadaracht agus KPIs,
- Ag tacú leis an gcoiste TSS lena chinntiú go bhfuil cultúr TSS éifeachtach agus feabhsaithe á chur chun cinn,
- Bainistiú a dhéanamh ar thaifid maidir le bainistíocht dramhaíola.

I measc na riachtanas beidh:

- Scileanna láidre riaracháin,
- Scileanna den scoth sa gcumarsáid,
- Go maith ag bainistiú ama agus a bheith in ann oibriú faoi brú.

Ceann Foirne IC – Lán-aimseartha

I measc na ndualgas beidh:

- Forbairt agus ceannaireacht a thógáil ar fhoireann anailísí IC,
- Gníomhaíochtaí anailíseacha a chur sa sceideal, iad a chomhordú agus a mhaoirsiú laistigh den Saotharlann IC,
- Rannpháirteach in iniúchadh inmheánach,
- Athbhreithniú agus ceadú a dhéanamh ar bhileoga sonraí de réir scála ama áirithe chun spriocanna an chomhlachta a bhaint amach.

I measc na riachtanas beidh:

- Céim bhaitsiléara (nó a chomhionann) i réimse a bhaineann leis an Eolaíocht (Ceimic más féidir) agus taithí 7 mbliana san earnáil,
- Taithí roimhe seo ag bainistiú daoine ina bhuntáiste,
- Eolas ar theicnící ceimice tábhachtach.